| An tSraith Shinsearach<br>Staidéar Foirgníochta | Grúpa Forbartha Cruinniú 2<br>9 Aibreán 2024<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Paraiméadair mheasúnaithe** | Chuir an Stiúrthóir Gníomhach na paraiméadair mheasúnaithe do gach ábhar i Sciar 2, lena n-áirítear Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta, faoi bhráid an ghrúpa agus pléadh go mion iad. |
| **Réasúnaíocht, Aidhmeanna, Leanúnachas agus Dul Chun Cinn.** | Rinneadh machnamh ar an gcéad dréacht de na codanna a bhaineann le réasúnaíocht, aidhmeanna, leanúnachas agus dul chun cinn. Glacadh aiseolas le bheith mar bhonn eolais ag an bhforbairt bhreise ar na rannóga seo a threorú. |
| **Raon feidhme tosaigh na Snáitheanna a mheas** | Rinne an grúpa forbartha machnamh ar chuir chuige a glacadh in ábhair éagsúla maidir leis na snáitheanna staidéir. Thosaigh an grúpa forbartha ag cuimhneamh ar eolas, scileanna, luachanna agus meonta ba cheart don scoláire a fhoghlaim i Staidéar Foirgníochta. |
| **Na chéad chéimeanna eile An Chéad Chruinniú Eile:** | Chuimhnigh an cathaoirleach ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** 13 Bealtaine 2024 |